# Mass for Mission Sunday 18th October 2026

MISSIO IRELAND

This is for guidance only - please refer to the Missal for full texts.

**29TH SUNDAY IN ORDINARY TIME, YEAR A**
Mass for the Evangelisation of Peoples *[Roman Missal, pp 1182 ff]*

## Entrance Antiphon

PS 95 (96) 3-4

Tell among the nations his glory,
and all his wonders among the peoples,
for the Lord is great and highly to be praised.

## Penitential Act

Lord Jesus, you came to gather the nations into the peace of God's kingdom.
Lord, have mercy.

Lord Jesus, you came in word and sacrament to strengthen us in holiness. Christ, have mercy.
Lord Jesus, you came in glory with salvation for your people. Lord, have mercy.

May almighty God have mercy on us.
Forgive us our sins and bring us to everlasting life.

## Gloria ...

## Collect

O God, you have willed that your Church
be the sacrament of salvation for all nations,
so that Christ's saving work may continue to the ends of the ages;
stir up, we pray, the hearts of your faithful
and grant that they may feel a more urgent call
to work for the salvation of every creature,
so that from all the peoples on earth
one family and one people of your own may arise and increase.
Through our Lord Jesus Christ, your Son,
who lives and reigns with you in the unity of the Holy Spirit,
God, for ever and ever.

# LITURGY OF THE WORD

## First Reading

**A reading from the prophet Isaiah** 45:1.4-6

Thus says Yahweh to his anointed, to Cyrus, whom he has taken by his right hand to subdue nations before him and strip the loins of kings, to force gateways before him that their gates be closed no more: It is for the sake of my servant Jacob, of Israel my chosen one, that I have called you by your name, conferring a title though you do not know me. I am the Lord, unrivalled; there is no other God besides me. Though you do not know me, I arm you that men may know from the rising to the setting of the sun that, apart from me, all is nothing.
**The Word of the Lord.**

## RESPONSORIAL PSALM

PS 95:1. 3-5. 7-10. R/. V 7

**R/. Give the Lord glory and power**

O sing a new song to the Lord, sing to the Lord all the earth, Tell among the nations his glory and his wonders among all the peoples. **R/.**

The Lord is great and worthy of praise, to be feared above all gods; the gods of the heathens are naught. It was the Lord who made the heavens. **R/.**

Give the Lord, you families of peoples, give the Lord glory and power, give the Lord the glory of his name. Bring an offering and enter his courts. **R/.**

Worship the Lord in his temple, O earth, tremble before him, Proclaim to the nations: 'God is King.' He will judge the peoples in fairness. **R/.**

## Second Reading

**A reading from the first letter of St Paul to the Thessalonians** 1:1-5

From Paul, Silvanus and Timothy, to the Church in Thessalonika which is in God the Father and the Lord Jesus Christ; wishing you grace and peace from God the Father and the Lord Jesus Christ. We always mention you in our prayers and thank God for you all, and constantly remember before God our Father how you have shown your faith in action, worked for love and persevered through hope, in our Lord Jesus Christ. We know, brothers, that God loves you and that you have been chosen, because when we brought the Good News to you, it came to you not only as words, but as power and as the Holy Spirit and as utter conviction.

**The word of the Lord**

## GOSPEL ACCLAMATION

John 17:17

Alleluia, alleluia!

Your word is truth, O Lord: consecrate us in the truth. Alleluia!

## Gospel

**A reading from the holy Gospel according to Matthew** 22:15-21

The Pharisees went away to work out between them how to trap Jesus in what he said. And they sent their disciples to him, together with the Herodians, to say, 'Master, we know that you are an honest man and teach the way of God in an honest way, and that you are not afraid of anyone, because a man's rank means nothing to you. Tell us your opinion, then. Is it permissible to pay taxes to Caesar or not?' But Jesus was aware of their malice and replied, 'You hypocrites! Why do you set this trap for me? Let me see the money you pay the tax with.' They handed him a denarius, and he said, 'Whose head is this? Whose name?' 'Caesar's,' they replied. He then said to them, 'Very well, give back to Caesar what belongs to Caesar-and to God what belongs to God.'

**The Gospel of the Lord**

# LITURGY OF THE EUCHARIST

## Prayer over the Offerings

May the offerings and prayers of your Church, O Lord,
rise up in the sight of your majesty and gain acceptance,
just as the glorious Passion of your Son was pleasing to you
for the salvation of the whole world.
Through Christ our Lord.

## Eucharistic Prayer for Various Needs III

*(Roman Missal pp. 671 ff)*

It is truly right and just, our duty and our salvation,
always and everywhere to give you thanks,
holy Father, Lord of heaven and earth,
through Christ our Lord.

For by your Word you created the world
and you govern all things in harmony.
You gave us the same Word made flesh as Mediator,
and he has spoken your words to us
and called us to follow him.
He is the way that leads us to you, the truth that sets us free,
the life that fills us with gladness.

Through your Son
you gather men and women,
whom you made for the glory of your name,
into one family,
redeemed by the Blood of his Cross
and signed with the seal of the Spirit.

Therefore, now and for ages unending,
with all the Angels,
we proclaim your glory,
as in joyful celebration we acclaim:

***Holy, Holy, Holy Lord God of hosts ....***

## Communion Antiphon

Psalm 116: 1-2

O praise the Lord, all you nations;
acclaim him, all you peoples!
For his merciful love has prevailed over us,
and the Lord's faithfulness endures for ever.

## Prayer after Communion

May our participation at your table sanctify us, O Lord, we pray,
and grant that through the Sacrament of your Church
all nations may receive in rejoicing the salvation accomplished on the Cross
by your Only Begotten Son. Who lives and reigns for ever and ever.



# Aifreann Domhnach na Misean
# 18 Deireadh Fómhair 2026

MISSIO IRELAND

**An Naoú Domhnach Fichead Saor**
Ar Son Chraobhscaoileadh An tSoiscéil do na Ciníocha
(Leabhar Aifrinn Rómhánach, pp 1407 ff)

Is féidir an t-aifreann seo a úsáid ar Dhomhnach na Misean.

## An Iontróid

Salm 95: 3-4

Insígí glóir an Tiarna i measc na gciníocha agus a éachtaí i measc na bpobal go léir;
óir is mór é an Tiarna agus is díol mór molta é.

## Gníomh Aithrí

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun na ciníocha a chruinniú le chéile i síocháin ríocht Dé.
**A Thiarna, déan trócaire.**

Tagann tú i mbriathar agus i sacraimint chun sinn a neartú sa naofacht:
**A Chríost, déan trócaire.**

Tiocfaidh tú faoi ghlóir le slánú do phobal:
**A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn.

## An Chomhurnaí

A Dhia ar thoil leat go mbeadh d'Eaglais
ina sacraimint shlánaithe do na ciníocha go léir
ionas go mairfeadh saothar slánaitheach Chríost
go dtí deireadh na n-aoiseanna,
spreag croíthe d'fhíréan agus deonaigh
go mothóidh siad go bhfuil siad á ngairm le breis práinne
chun an chruthaíocht uile a shlánú
ionas go n-éireoidh is go bhfásfaidh as na pobail go léir
aon chlann amháin agus aon phobal amháin duitse.
Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac,
a mhaireann agus a rialaíonn leatsa
in aontacht an Spioraid Naoimh,
ina Dhia, trí shaol na saol.

# LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

## AN CHÉAD LÉACHT

Íseáia 45:1, 4-6

Is amhlaidh seo a labhraíonn an Tiarna lena ungthach, Cíoras, an té ar rug sé ar láimh dheis air chun na ciníocha a leagan ina fhianaise agus claíomhchrios na ríthe a scaoileadh ó chéile; chun na comhlaí a bhriseadh roimhe isteach ionas nach mbeidh na doirse dúnta níos mó. Is ar mhaithe le mo ghiolla Iacób agus le hIosrael, mo rogha, a ghlaoigh mé i d'ainm ort, ag tabhairt gradaim duit agus gan aithne agat orm. Is mise an Tiarna; níl m'athrach eile ann; ach mise amháin, níl aon dia ann. Gan aithne agat orm, tá tú i mbun airm agam ionas go mbeidh a fhios ó éirí go luí na gréine gur neamhní an uile rud ach mise amháin."
**Briathar an Tiarna.**

## SALM 95(96):1, 3-5, 7-10

*Freagra:* ***Tugaigí don Tiarna glóir agus cumhacht.***

1. Canaigí amhrán úr don Tiarna;
   canaigí don Tiarna, a thíortha go léir.
   Insígí a ghlóir i measc na gciníocha;
   agus a éachtaí i measc na náisiún. ***(Fr)***

2. Is mór é an Tiarna; is díol molta é;
   is díol eagla thar na déithe go léir é.
   Ní dada iad déithe na gciníocha;
   ach is é an Tiarna a rinne na flaithis. ***(Fr)***

3. Tugaigí don Tiarna, a chlanna na gciníocha;
   tugaigí don Tiarna glóir agus cumhacht.
   tugaigí don Tiarna an ghlóir is dual dá ainm;
   tugaigí bhur dtabhartais libh isteach ina chúirteanna. ***(Fr)***

4. Tugaigí adhradh don Tiarna in éide naofa;
   bí ar crith ina láthair a dhomhan uile.
   Fógraígí do na ciníocha: "Tá an Tiarna ina Rí."
   tabharfaidh sé breith chóir chothrom ar na náisiúin. ***(Fr)***

## AN DARA LÉACHT 1 Teasalónaigh 1:1-5

Pól agus Silveánas agus Tiomóid ag beannú d'eaglais na dTeasalónach, i nDia an tAthair agus sa Tiarna Íosa Críost. Grásta chugaibh agus síocháin. Ní stadaimid ach ag gabháil buíochais le Dia mar gheall oraibh uile agus ag cuimhneamh oraibh gan staonadh inár n-urnaithe. Cuimhnímid i láthair Dé, ár nAthair, ar a bhríomhaireacht atá bhur gcreideamh, ar a dhícheallaí atá bhur ngrá agus ar a sheasmhacht atá bhur ndóchas as ár dTiarna Íosa Críost. A bhráithre, a bhfuil gnaoi Dé oraibh, tá a fhios againn mar a roghnaigh sé sibh; mar ní le briathra béil amháin a tháinig ár ndea-scéal chugaibh ach le cumhacht agus le lándeimhniú an Spioraid Naoimh. Agus tá a fhios agaibhse mar a thugamar ár saol, fad a bhíomar in bhur measc, ar mhaithe libh.
**Briathar an Tiarna.**

## COMHGHÁIR AN tSOISCÉIL Eoin 17:17

Alleluia Alleluia
Déan iad a naomhú san fhírinne. Is fírinne do bhriathar.
Alleluia

## AN SOISCÉAL

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha 22:15-21

San am sin d'imigh na Fairsínigh ag déanamh comhairle le chéile chun go mbéarfaidís i ngaiste ar Íosa sa chaint, agus chuireadar a ndeisceabail féin chuige mar aon leis na Héaródaigh chun a rá leis: 'A Mháistir, tá a fhios againn gur fear fírinneach thú agus go múineann tú slí Dé san fhírinne gan beann agat ar dhuine ar bith agus gan féachain do phearsa seachas a chéile. Abair linn do bharúil, mar sin: An dleathach cáin a íoc le Céasar nó an mídhleathach?' Ach bhí a fhios ag Íosa an mhallaitheacht a bhí iontu agus dúirt: 'Cad ab áil libh ag baint trialach asam, a bhréagchráifeacha? Taispeánaigí bonn na cánach dom,' agus shín siad déanar chuige. Dúirt sé leo: 'Cé hé arb í seo a íomhá agus a inscríbhinn?' 'Céasar,' ar siad leis. 'Maith go leor,' ar seisean leo, 'íocaigí le Céasar na nithe is le Céasar agus le Dia na nithe is le Dia.'
**Soiscéal an Tiarna.**

# LIOTÚIRGE NA hEOCAIRISTE

## Os cionn na nOfrálacha

Glac, a Thiarna, le tabhartais na hEaglaise impíche agus, arna nglacadh go dté siad suas I láthair do mhórgachta faoi mar ab ionúin leat an pháis ghlórmhar a d'fhulaing do Mhac ar son shlánú an domhain go léir. Eisean a mhaireann agus a rialaíonn trí shaol na saol.

## Paidir Eocairisteach ar son Riachtanas Éagsúil III

(*Leabhar Aifrinn Rómhánach pp. 786 ff*)

Is ceart agus is cóir dúinn, do deimhin,
is cuí agus is tairbheach
buíochas a ghabháil leat de shíor agus i ngach áit,
a Athair naofa, a Thiarna neimhe agus talaimhtrí
Chríost, ár dTiarna.

Óir trí Bhriathar chruthaigh tú an domhan
agus rialaíonn tú an uile ní le cothromas.
Thug tú an Briathar i gcolainn dhaonna
dúinn mar idirghabhálaí;
is é a labhair do bhriathra linn
agus a ghlaoigh orainn len é féin a leanúint.
eisean an tslí a thugann sinn chugatsa;
eisean an bheatha a líonann sinn le háthas.

An cine daonna a chruthaigh tú chun glóire d'ainm,
bailíonn tú in aon teaghlach amháin iad, trí do Mhac
agus iad fuascailte le fuil a chroiseagus
sínithe le séala an Spioraid Naoimh.

Dá bhrí sin, fógraímid do ghlóir
anois agus go deo
mar aon leis n hAingil go léir a
g glaoch os ard I gceiliúradh gliondrach:
**Is Naofa, Naofa, Naofa thú…**

## An Chomaoineach

Salm 116:1-2

Molaigí an Tiarna, a chiníocha uile;
molaigí le chéile é, a phobal go léir;
óir deimhníodh a thrócaire orainn
agus maireann fírinne an Tiarna go brách.

## An Iarchomaoineach

Go ndéana ár bpáirt I do bhéile sinn a naomhú,
impímid ort, a Thiarna,
ionas go nglacfaidh gach cine go lúcháireach
trí shacraimint d'Eaglaise
an slánú a chuir do Mhac Aonghine I gcrích ar an gcros.
Trí Chríost ár dTiarna.

